2025/1780

10.9.2025

CINNEADH (AE) 2025/1780 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meán Fómhair 2025

lena nglactar an Plean Feidhmíochta Líonra athbhreithnithe don cheathrú tréimhse thagartha de scéim feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (2025-2029)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 5968)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san Aerspás Eorpach Aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 ([3]) agus (AE) Uimh. 391/2013, agus go háirithe Airteagal 19(3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá Plean Feidhmíochta an Líonra le tarraingt suas ag Bainisteoir an Líonra, plean a dhéanfaidh an Coimisiún a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 19(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) An 6 Nollaig 2024 chuir Bainisteoir an Líonra dréachtphlean feidhmíochta líonra don cheathrú tréimhse thagartha ('RP4') faoi bhráid an Choimisiúin.

(3) De bhun Airteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún, le cúnamh ón gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta, measúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta líonra i gcomparáid leis na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán cur chun feidhme sin. Léiríodh sa mheasúnú sin go gcomhlíonann an dréachtphlean feidhmíochta líonra na critéir sin.

(4) Is iomchuí, dá bhrí sin, go nglacfaidh an Coimisiún an leagan deiridh den dréachtphlean feidhmíochta líonra do RP4 ([4]), arna tharraingt suas ag Bainisteoir an Líonra agus arna chur faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Nollaig 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an plean feidhmíochta líonra don tríú tréimhse thagartha de scéim feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (2025-2029), arna chur isteach ag Bainisteoir an Líonra an 6 Nollaig 2024, glactha.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([2]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([3]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.
([4]) Plean Feidhmíochta Líonra an Bhainisteora Gréasáin don cheathrú tréimhse thagartha de scéim feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (2025-2029), arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Aerspás Aonair an Aontais Eorpaigh (https://eu-single-sky.transport.ec.europa.eu/index_en).

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Eurocontrol mar Bhainisteoir Líonra.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún